



# An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (CAFU)

## Glaó ar Thograí – Incháilithe do gach Comhlacht

Mar chuid de *Tionscadal Éire 2040*, d'fhógair an Rialtas bunú Ciste úir um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (CAFU), chun tacú den chuid is mó le dlúthfhás agus forbairt inbhuanaithe chúig chathair na hÉireann agus mórionad uirbeach eile.

Tá an fhreagracht ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil as CAFU a chur chun feidhme, lena mbaineann leithdháileadh €2 bhilliún sa Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) go dtí 2027.

I gcomhréir le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála (CNP), tá an Ciste deartha chun cion níos mó d'fhorbairt chónaithe agus tráchtála a mhéadú, rud atá tacaíthe ag bonneagar, seirbhísí agus taitneamhachtaí, laistigh de 'lorg' tógála reatha ár lonnaíochtaí níos mó.

Is féidir sonraí iomlána faoin gCiste, lena n-áirítear incháilitheacht agus conas iarratas a dhéanamh, a fháil ag: [www.gov.ie/urdf](http://www.gov.ie/urdf) nó [www.npf.ie](http://www.npf.ie).



Beidh an Ciste ina chláir iomaíoch bunaithe ar thairiscintí a oibreofar ar bhonn ilbhliantúil. Ní foláir nó go mbeidh na tairiscintí:

- Faoi stiúir an phobail, ach is féidir le páirtithe pobail agus/nó na hearnálacha príobháideacha bheith bainteach leo chomh maith;
- Meaitseáilte ag 25% ar a laghad de mhaoiniú díreach ó fhoinsí poiblí agus/nó príobháideacha eile;
- Measta ag €2 mhilliún ar a laghad, le haghaidh sheachadadh agus/nó fhorbairt bhreise thograí nuálacha agus bunathraithe na hathghiniúna uirbí.
- Catalaíoch le haghaidh forbartha nach dtarlódh seachas sin; agus
- An dóchúlacht leis tuilleadh infheistíochta san earnáil phoiblí agus phríobháideach a mhéadú.

Tá an glaó ar thairiscintí i leith maoinithe oscailte anois go dtí 12 nóin Dé hAoine an 28 Meán Fómhair 2018.

